Cá Mhéad Uisce a Úsáidimid?

Bileog Eolais 04

Cá mhéad uisce a shíleann tú a úsáideann tú i do theach gach lá? Creid é nó ná creid é, baineann gnáth-theaghlach úsáid as méid uisce atá a bheag nó a mhór faoi bhun 400 lítear gach lá! Samhlaigh féin – cad é eile a d'fhéadfaí a sheachadadh chuig do theach i gcainníochtaí den chineál sin gach aon lá!

Ar an meán, baineann gach duine againn úsáid as timpeall 150 lítear uisce in aghaidh an lae. Déan iarracht 150 lítear uisce buidéalaithe a shamhlú. Sin a lán uisce agus chosnódh sé mórán airgid dá mbeadh ort é a cheannach ón siopa gach lá.

Úsáidimid níos mó uisce sa lá atá inniu ann ná riamh roimhe. Tháinig fás ar an daonra s'againne agus tháinig athrú ar an tsaol.

Fiafraigh de do sheantuismitheoirí nó de dhuine scothaosta a bhfuil aithne agat air/uirthi cad é mar a d'úsáid siad féin uisce ina dtithe féin? Ar thàinig an t-uisce amach as na sconnaí nó an raibh orthu é a iompar aníos ón tobar?

Cad é Mar a Bhainimid Úsáid as Uisce?

Bainimid úsáid as uisce ina lán slite difriúla – folcadh agus cithfholcadh, ól, cócaireacht, éadaí a ní, an gluaisteán a ghlanadh, agus an iomad gníomhaíochtaí laethúla eile.

Seo roinnt samplaí maidir le cá mhéad uisce a úsáidimid inniu: